



Athbhreithniú Bainistiú Géarchéime

Teagmhais Chriticiúla:

"Is ionann teagmhas criticiúil agus aon teagmhas nó aon sraith teagmhas a chuireann scoil as a ríocht maidir le plé le deacrachtaí" (NEPS 2007)

Cineálacha Teagmhais:

- Féinmharú
- Iarracht ar fhéinmharú
- Bás foréigneach
- Timpiste bóthair
- Bás de thimpiste
- Bá
- Bás/breoiteacht thobann.
- Eigniú
- Ionsaí fisiciúil ar scoláire nó ar mhúinteoir
- Mí-úsáid drugaí nó alcól
- Damáiste do fhoirgneamh na scoile

An chúis le Plean Teagmhais Chriticiúil:

- Is é pleanáil an rud is tabhachtaí le teagmhas criticiúil a bhainistiú.
- Deimhníonn sé go mbeidh foireann na scoile in ann gníomhnú go sciopaí agus go héifeachtach chun smacht a bheith acu ar chúrsaí chomh fada agus go féidir.
- Cinntíonn sé tacaíocht do phobal na scoile i gcaitheamh an phróiseas seo go dtí go bhfilleann normáltacht.
- Chun tionchar an teagmhais chriticiúla ar scoláirí agus ar an fhoireann a laghdú agus a theorannú.
- Seachnaítear an "siondróm héileacaptair".

Aidhmeanna:

- Tacaíocht a thabhairt dóibhsiúd a bheadh faoi thionchar na teagmhais chriticiúla.
- Eolas a chur ar fáil do phobal na scoile i gcás go dtarlódh teagmhais chriticiúla.
- Am a thabhairt do scoláirí an teagmhais chriticiúla a phlé agus cabhrú leo déileáil leis.
- Diriú ar scileanna cumarsáide, féinmhuinín, bainistiú struis agus scileanna déileála sna ranghanna OSPS
- Nascanna a fhorbairt le saineolaithe sna réimsí éagsúla teagmhais chriticiúla.
- Structúr tréadchúramach a láidriú sa scoil agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi nuair is gá.
- Gréasáin thacaíochta do na scoláirí agus don fhoireann a bheith le fáil go práinneach.

Trí Leibhéal Fhreagartha:

Leibhéal freagartha 1:

- Bás scoláire, ball foirne a bhí go dona tinn.
- Bás tuismitheora, nó páiste leo, a bhí go dona tinn.
- Dóiteán nó damáiste do chuid den scoil.

** Ní bhíonn aon ról ag NEPS anseo.

Leibhéal freagartha 2:

- Bás tobann scoláire.
- Bás tobann ball foirne.

Leibhéal freagartha 3:

- Timpiste/tarlúint ina raibh níos mó ná scoláire amháin páirteach ann.
- Bás foréigneach.
- Tarlúint a ndéantar cur síos air sna meáin.
- Tarlúint a raibh níos mó ná scoil amháin páirteach inti.

Cosc

Tuigeann foireann Coláiste na bPiarsach an tábhacht óllmhór a bhaineann le cosc.

Déantar gach uile iarracht tríd:

- Curaclam OSPS a chur i bhfeidhm.
- Cláir mheabhairshláinte.
- Polasaithe frithbhulaíocht.
- Polasaithe a bhaineann le scoláirí LADT a fhorbairt.
- Nósanna imeachta chun scoláirí leochaileach a aithint.
- Nósanna imeachta chosaint leanaí.
- Nósanna imeachta maidir le scoláirí a chur chun cinn ag seirbhísí tacaíochta agus naisc ghníomhaireachtaí a chothú agus a fhorbairt.
- Oiliúint agus tacaíocht agus acmhainní foirne.
- Folláine in iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc ar Fhéinmharaithe (2013).
- Eolas ar fhéinmharú agus na comharthaí a bhaineann leis don fhoireann.
- Comharthaí struis/inní/dúlagair.
- Timpeallacht fhisiceach shábhailte - Plean aslonnaithe; cleachtaí dóiteáin; bealaí éalaithe ó dhóiteán, múchtóirí dóiteáin.
- Tá Comhairleoireacht ar fáil do na scoláirí.
- Tá múinteoir treoir cáilithe sa scoil, le aitheantas i gcomhairleoireacht.

Foireann Bainistíochta Teagmhas Chriticiúil:

"Is grúpa daoine aonair ó fhoireann na scoile é bhfuil go leor aithne acu ar an phobal, ar na scoláirí agus ar a chéile leis na cinntí riachtanacha a dhéanamh nuair a tharlaíonn teagmhas".

Baill foireann bainistíochta teagmhas chriticiúil Coláiste na bPiarsach:

- An Príomhoide.
- An Leas-Phríomhoide.
- An Múinteoir Treoir.
- Comhordaitheoir Teagmhála Baile.

Tascanna i gcás teagmheas chriticiúil:

	Ról
Príomhoide	Ceann foirne Teagmháil NEPS Teagmháil Gardaí Teagmháil Meáin Teagmháil an Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimh agus Ros Comáin
Leas Phríomhoide	Teagmháil foireann na scoile.
Múinteoir Treoir	Teagmháil Scoláirí na scoile
Comhordaitheoir Teagmhála Baile	Teagmháil pobal agus tuismitheoirí

Seo iad na tascanna a bheidh le déanamh má tharlaíonn géarchéim:

An Príomhoide a bhéas i gceannas má tharlaíonn teagmheas chriticiúil, le cabhair ón Foireann Bainistíochta Teagmheas Chriticiúil. Más rud nach mbíonn an príomhoide i láthair. Beidh an leas-phríomhoide i gceannas. Má tharlaíonn sé go mbíonn an príomhoide agus an leas-phríomhoide as láthair, tiocfaidh structúr bainistíochta na scoile i bhfeidhm.

Teagmháil:

Ba cheart go mbeadh an scoil in ann teagmháil a dhéanamh:

- Leis na Gardaí - scéal a chinntiú/firicí a lorg.
- Le foireann na scoile.
- Le daltaí - eolas a thabhairt dóibh - de réir mar is gá agus iad a choinneáil slán.
- Le tuismitheoirí - eolas a thabhairt dóibh - de réir mar is gá.
- Leis an bpobal - de réir mar a theastaíonn/fheileann sé, ag brath ar an eachtra.
- Leis na meáin - a bheith aireach i gconaí, firicí amháin a thabhairt dóibh tar éis do na firicí seo a bheith cinnithe leis na Gardaí. Mol don chuid eile den fhoireann/bord gan labhairt leo más féidir é.
- Le príomhoidí an cheantair de réir mar a fheileann sé.
- Leis an mbord bainistíochta.

Teagmháil le gníomhaireachtaí Seachtracha

(A) Siceolaí an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

(B) Feidhmeannacht an Seirbhíse Sláinte (HSE) - Cuireann said seo tacaíocht fad téarmach ar fáil.

Ról Siceolaí an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

- Tacú leis an scoil an plean Teagmhais Chriticiúil a chur i bhfeidhm.
- Soláthraíonn NEPS tacaíocht, eolas agus comhairle láithreach, gear-théarmach d'fhoirne na scoile agus iad ag tacú leis na scoláirí. Go hairithe iad siúd le riachtanais nó atá leochaileach.
- Eolas a thabirt maidir le cén chaoi tarraingt ar sheirbhísí eile HSE srl.
- Eolas agus treoir a thabhairt maidir le na meáin agus na meáin sóisialta.

Lá 1

Teagmháil le h-eagraíochtaí seachtracha	An Leas-Phríomhoide
Teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoifigeach	An Príomhoide
Feitheoireacht a eagrú do na scoláirí	An Príomhoide
Cruinniú foirne a eagrú	An Príomhoide
Clár oibre an lae a eagrú	An Príomhoide
Scoláirí a chur ar an eolas	An Príomhoide An múinteoir Treoir
Liosta de scoláirí atá goiliúnach a chur le chéile	An Coiste Tréadchúraim
Cuairt a thabhairt ar an gclann a bhásaigh duine leo	An Príomhoide, Comhairleoir Teagmhála Baile, Pobal, scoile.
Cruinniú leis an bhfoireann ag deireadh an lae	An Príomhoide
Socrú scoláirí a chur abhaile más gá	An Príomhoide
Tacaíocht do na scoláirí	An Príomhoide /an leas-phríomhoide/ an Múinteoir treoir/múinteoirí ranga.

Tine nó damáiste do fhoirgneamh na scoile:

- I gcás tine, ba chóir na bunchéimeanna slándála agus sábháilteachta a leanúint ar dtús.
- Scoláirí agus foireann na scoile a chuir amach go dtí an ionad tionól.
- Glaoch ar 999/dochtúir/otharcharr/Gardaí/Sagart (más gá).
- Cuntas scríofa - más féidir-a choinneáil de gach rud a tharlaíonn - na fíricí a bhailiú
- Céard a tharla? Céim chaoi? Cén uair?
- Treoracha a bheith soiléir.
- Druil tine agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar scoil.

Lá 2 ar aghaidh:

Cruinniú den Foireann Bainistíochta Teagmheas Chriticiúil a eagrú	Príomhoide
Cruinniú den Choiste Tréadchúraimn a eagrú	Príomhoide
Eagraigh cruinniú le foireann iomlán na scoile	Príomhoide
Cuairt a thabhairt ar an duine/na daoine atá gortaithe	Príomhoide
Teagmháil leis an gclann ar bhásaigh an duine leo i gcóir na socraithe sochraide	Príomhoide
Socraithe a dhéanamh maidir le freastal ar an t-sochraide agus páirt a ghlacadh i seirbhís na sochraide má iarrtar.	Príomhoide
Iarracht normáltacht a chothú chomh luaith agus is féidir	Foireann na scoile

Athleanúint:

Monatóireacht leanúnach ar scoláirí agus an príomhoide agus múinteoir treoir a chuir ar an eolas faoi aon scoláire a bhfuil imní futhú	Foireann na scoile.
Treoir a thabhairt do na scoláirí faoi seirbhísí seachtracha más gá	An príomhoide An múinteoir treoir.

Measunú:

Tar éis Teagmheas Chriticiúil déanfar measunú ar an bpolasaí chun feachaint:

- An raibh an polasaí sách sónrach le leanúint?
- An raibh ról gach duine soiléir?
- An raibh an cumarsáid inmhéanach sasúil?
- Ar oibre na céimeanna a bhí leagtha síos?
- An gá aon athrú a dhéanamh?

Liosta teagmhála i gcás éigeandála:

Dochtúirí/Ionad Sláinte	091 574107 (Ros Muc) 091 595202/552319
An Briogáid Dóiteáin	999/112
Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	091 546211/552319
Ospidéal	091 580580
An Garda Síochana	091 574102
Ballard House	091 580100
Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin	091 874260
Siceolaí NEPS - Ruairí Ó Beara	091 864519/0877807286
Roinn Oideachais	0906 483600
Comisiún na Scrudaíthe Stáit	0906 442700
TUI	01 4922588
An Sagart Paráiste - Gearóid Ó Gríofa	091 551169
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	1890 363666
CAMHS Iarthar na Gaillimhe	091 580100

Tá liosta de uimhreacha teagmhála Foireann na scoile, an Bord Bainistíocht agus Coiste na dTuismitheoirí le fáil sa scoil.

Déanfar athbheithniú ar an bpolasaí mar a thagann aon athrú - uimhir/pearsan srl i gceist agus breathnófar air ar a laghad usair sa mbliain le cinntiú go bhfuil tuiscint agus eolas ag an bhfoireann scoile faoi.

Faofa ag an Bord Bainistíocht, Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

ar an _____

Cathaoirleach _____

Dáta _____